"An Ghlas Ghaibhlean."

clóscrite as an leabhar seo
agam Feabhra 17, 1933.
C.Ní Ch.

Sgéal fada ag [illegible]
Mac Rí i nÉirinn agus [illegible]
Ridire na [illegible]

Seán mac Giollarnáth
Gaillimh

Giotaí beaga a scríobhaḋ ó
Gaeḋilgeoirí i gCárna, i gCill Ciaráin
(Coill Sáile) agus in áiteanna
eile in Iar-Ċonnaċtaiḃ.

Cóir na haimsire
ainm gar na gcoinsiasan
ḋá níḋ naċ scarann.

gabáil Ṫadaig = néalta fada geala (misty)
Ċreap iad roiṁ aṫrú aimsire
Tá báisteaċ ⁊ tóirneaċ ionnta

Cainnt na feadóige.
Dóiġ snoiḋe ort
Luiġe míġa ort
Pé ṫóig mo nead.
m/ Wallace
( Pé ċúl mo nead)

## An Ġlas Ġaibleann

? feilimí

## An Ġlas Ġaibleann

Bí na fir seo in Éirinn in-aimsir na Craoibe Ruaiḋe: Diarmuid an Ċinn bearrṫa, Goll ṁac Cinn Ṁóirne, Goll mac Móirne
mac Smir, mac Smóil, Céadaċ Óg Rí an domain, Saiṫ mac a bí ag Niall (an ngiolla dall),
Carbad an Ċútair,
Réaṫa bun Sopṫa, Coṁraic (caraid) na gcéadta,
Caol an Iarainn,
Dá ṗéag mac Rí na Spáinne
ball dorn mic Cinn   ní leigeann ac cinn
ball breac (ball scarg) mic Cinn
Orċall tréan na sgrana breaca armnea
an gairge i mbéal na trúga,
mac Gréine, mac Dara agus
mac Folóin, Conán maol mallaċta fear
meaṫta na hÉireann naċ ndeaċaiḋ
amaċ gan a ṗócaí a beiṫ lán de
cnuaḋáin (cloċa) Fionn mac Cumail

Mac Cinnt, Gaiḃleann Gaḃa, Manannán, agus Balor Béimannaċ

Tosóċamuid ag cur síos ar an gceaṫrar deirḃreannaċ seo. Mar ba ceaṫrar dreaṫár a ḃí ionnta, Mac Cinnt, Gaiḃleann Gaḃa, Manannán agus an Balor Béimannaċ. Nuair a ḃí a n-aṫair ag faġáil báis roinn sé a ṡaiḋḃreas eatorra. Ḃí bó aige agus dá mbeaḋ ġá bleaġan ó ḋ'éirġeoċaḋ grian go dtéiḋeaḋ sí i dtalam béaḋ an ṡruiṫ deireannaċ ċoṁ láidir leis an gcéad ṫruiṫ. Bó ḃraonḋátaċ a ḃí innte agus ba é a hainm an Ġlas Ġaiḃleann. Ċaiṫ siad crainnte uirṫi 7 ṫuit sí ar an nGaiḃleann Gaḃa. Ins an am sin ḃí buaraċ 7 galún ag soiteaċt le'ċeile bó bainne 7 ní raiḃ aon sáraḋ ina cinn ná aon ċoinneáilt uirṫi mara mbéaḋ sí ins an áit a raiḃ an buaraċ agus an galún.

Bí triúr mac ag Mac Airt, Uaċtar mac Airt, Íoċtar mac Airt, Céin mac Airt. Bíoḋ siad amaċ ag fiadaċ is ag fionnsġaraḋ ar fud coillte is sléibte ar feaḋ an lae. Bí an oiread fiadaiġ ag Céin da bárr an lae agus bíoḋ ag an mbeirt eile. Nuair a ṫéiḋeaḋ siad ag bualaḋ báire ṫuibraḋ sé an ḃairóid ón mbeirt aca. Bí meas agus grá mór ag an aṫair dó agus bí éad ag na dreaṫáraċa leis mar ġeall air sin.

Ba gaba geall a bí ins an nGaibleann Gaba a bíoḋ ag déanaṁ claiṁṫe, sgéata, páirtéar 7 nítí eile a ḋéal do ṡaiġdiúir agus do ṡaiġdiúraċ.

Manannán, síofra a bí ann draoiḋeadóir agus bíoḋ na daoine a ráḋ gurb iad draoiḋeaċt Manannáin, neart Ġoill, fios Finn 7 buaḋ Ċonáin a ḃearaḋ do na fianaiḃ in aimsir ġáiḃ

Séard a bí san mBalor Béimannaí fíor-ḋroċ-ḋuine. Ní raiḃ droiḃeart ar biṫ ag dul ó ḋéanaṁ air agus ċuir na fianaiḃ díbirt air as Éirinn. Ċuaiḋ sé go hAlbain, go Sasana, go dtí an Ḟrainc agus go dtí an Spáinn 7 ar fud na hEorpa. Bí ċuile duine ag cur díbirt air uaiḋ féin nó go ndeaċaiḋ sé san Tuirc-céis.

D'aḃróċaḋ na daoine le droċ-ḋuine go raiḃ gnóṫa aige ċoiṁ gnaṫ le Turcaí. Ṫóig na Turcaiġ isteaċ é mar ġeall ar a ḋroċ-ġnóṫa. Ṫugadar inġean an rí le pósaḋ dó 7 rinne siad rí de le linn bás an tseanrí.

Nuair a bí sé ag imṫeaċt as Éirinn ġoid sé an buarac is an galún ag imṫeaċt dó 7 ní raiḃ aon sásaḋ ag an ngaibleann gaba sa nglas gaiḃleann. Ní raiḃ aon bealaċ le n-a coinneáil aċ í a ċeangal do inneoin ċeardċan, nó fear a beaḋ i ngreim téadáin nuair

a ḃíoḋ sí ag foġlaimeaċt.

Fágfamuid an Balor Béimeannaċ insa Tuirscéis ⁊ tiocfamuid ar ais go hÉirinn nó go gcuirimid síos ar Clann Ṁac Airt.

Duḃairt Artúir le n-a aṫair go raċaḋ sé ċóṁ fada leis an nGaibleann Gaba i mBearaċ go ndéanaḋ sé claiḋeaṁ dó.

Ní miste liom, ar an t-aṫair, tá tú in aois claiḋiṁ d'iomċur

Ċuaiḋ ⁊ ṫug sé orḋú don Gaibleann Gaba claiḋeaṁ a ḋéanaṁ dó

"Téiġ amaċ", ar an Gaibleann Gaba, "agus léiġ an cárta sin atá os cionn an dorais."

Ar an gcárta bí sé sgríobhṫa duine ar biṫ a léiġfeaḋ an Ġlas Ġaibleann ar fán go gcaiṫfeaḋ dul ar a tuairisg, a ċeann a ċailleaḋ léiṫe nó í a ṫabairt ar ais.

Ċuaiḋ sé amaċ, sgaoil sé an bó agus ṫug sé ar féaraċ í.

Nuair a bí a ṡáiṫ iṫte aige ṫug sé ar ais í. Ċeangail sé don inneoin ċeárdċan í 7 ċuaiḋ sé isteaċ sa gceárdċa.

“Ceangail tú an bó,” ars an Gaibleann Gaba.

“Téiriġ amaċ sa doras 7 múin sróca do ḋá ṡúil féin duit go bfeicfiḋ sí ceangailte”, ar Artúr.

Fuair sé an claiḋeaṁ 7 ní ruḃraḋ sé cóṁluadar don ḃeirt ḋreaċóir eile a bí ag fanaċt leis sa gceárdċa nuair nár raiḃ claiḋeaṁ aca féin.

Dubairt Toċtar Mac Airt le n-a aṫair nuair a ṫáinig sé abaile go ngaḃfaḋ sé féin i mbáraċ go dtí an Gaibleann Gaba go ndéanfaḋ sé claiḋeaṁ dó.

“Ní misde liom,” ars an t-aṫair agus ċuaiḋ sé go dtí an Gaibleann Gaba agus ṫug sé ordú dó claiḋeaṁ a ḋéanaṁ dó. Scaoil sé an bó 7 ṫug sé ar

Tá loċtar ann faoi.

féaraċ í.

Nuair a ḃí a sáiṫ iṫte aice ṫug sé ar ais í, ċeangail sé don innéoin ceárdċan í agus ċuaiḋ sé isteaċ sa gceárdċa.

"Ar ċeangail tú an bó?" arsa an Gaibleann Gaba.

"Téiriġ amaċ sa doras agus innseoċa do ḋá súil féin duit go ḃfuil sí ceangailte."

Fuair sé an claiḋeaṁ agus ní ċoinneoċaḋ sé coimluadar dén ṫsórt ~~tre~~ dearḃráṫar ale a ḃí ag fonaiċt leis sa gceárdċa nuair naċ raiḃ claiḋeaṁ aca féin. Dubairt loċtar mac áirt le n-a aṫair nuair a ṫáiniġ sé aḃaile go ngaiḃfaḋ sé féin ~~...~~ i mbáraċ go dtí an Gaibleann Gaba go ndéanfaḋ sé claiḋeaṁ dó.

"Ní miste liom," arsa an t-aṫair, agus ċuaiḋ sé go dtí an Gaibleann Gaba

Ṫug sé ordú dó claiḋeaṁ a ḋéanaṁ dó. Sgaoil sé an bó agus ṫug sé ar ḟéaraċ í.

Nuair a ḃí an claiḋeaṁ réiḋ ḃí a ḃeirt ~~[illegible]~~ ḋearḃráṫar ag fanaċt leis sa gceardċa. Ċeangail sé an bó agus ṫainig sé isteaċ.

'Ar ċeangail tú an bó?" ars an Gaiblenn Gaba

Ṡeas sa doras agus innseoċa do ḋá ṡúil féin duit go ḃfuil sí ceangailte".

Ḟuair sé an claiḋeaṁ agus ní ṫiuḃraḋ an ḃeirt a raiḃ na claiḋimte aca comluadar do Ċian, nuair naċ raiḃ claiḋeaṁ aige féin.

"Ba ċóra duit-se ḃeiṫ sa gcliaḃán a Ċéin", ar siad, "ná a ḃeiṫ i gcomluadar gaisgiḋeaċ mar muide."

Ċuir sé sin fearg agus brón mór ar Ċian mar ḃ'fearr an fear é ná an

ḃeirt ~~[illegible]~~ aca.

Nuair a ṫáinig sé abaile dubairt sé le n-a aṫair go ngabfaḋ sé imbáraċ go ngeobfaḋ sé claiḋeaṁ déanta dó féin.

“Glac t'am, a Ṡeáin,” ars an t-aṫair. Tá tú óg fós, is nuair a ṫiocfas t'aois ġeobfaiḋ mise claiḋeaṁ déanta duit.”

“Ní feadaim seasaṁ le mo ḋearbráṫraiḃ, tá siad ag magaḋ fúm nuair naċ bfuil claiḋeaṁ agam.”

“Má tá tú ag imṫeaċt a Ṡeáin, fainic naċ ort a ḃéaḋ tóraiḋeaċt na Glas Gaibleann,” ars an t-aṫair.

Ḋimiġ sé ċun na ceárḋċan. Ṫug sé ordú don gaba claiḋeaṁ a ḋéanaṁ dó.

Ṫáinig amaċ, ar an Gaibleann gaba leis, agus léiġ an cárta atá os cionn an dorais

Ċuaiḋ. Sgaoil sé an bó agus ṫiġ sé ar féaraċ í.

Nuair a ṫáinig sé ar ais ḃí an ḃeirt ~~[illegible]~~ḋearbráṫar sa gceárḋċa roiṁe.

Dubairt an Gaibleann Gaba nuair a buail
sé an buille deireannaċ ar an gclaiḋeaṁ:
Sin é an claiḋeaṁ is mó buaḋ a rinne
mise ariaṁ!
"Tabair ḋom-sa é," arsa Uaċtar Mac
Airt, agus triailfiḋ mé mo ċlaiḋeaṁ
féin duit ina áit."
"Ná déan aċ tabair ḋom-sa é," arsa
Toċtar Mac Airt.
Bí Cian ag dul ṫar an doras san
am sin, nuair a ċuala sé an cainnt
riṫ sé isteaċ agus dubairt sé:
"Tabair ḋom féin é!"
'Ar ċeangail tú an bó?' arsa an
Gaibleann Gaba.
'Níor ċeanglaigeas!'
"Tairriṅg amaċ anois," arsa an Gaibleann
Gaba agus ceangail í."
Ċuaiḋ agus ní raiḃ an bó le fágail
"Seo ḋuit do ċlaiḋeaṁ," ar seisean
agus tá faitċíos orm go dteastóċaiḋ
sé uait, mar caillfiḋ tú an bó a

dúdán gúntan

ṫabairt ar ais nó do ceann a ċaillfeaḋ
mar ġeall uirṫi,
Ċuaiḋ an triúr dearbráṫair abaile,
beirt aca ag déanaṁ gaisge agus brón
mór ar Ċian.
'Seaḋ a ṁic, ars an t-aṫair, dubairt
muise sco leat, gurb ort a ḃeaḋ
toraiḋeaċt na glas gaibleann!
D'éiriġ sé go moċ meadon-ḟoillsiġ
lá ar n-a ḃáraċ. Dubairt sé a ṗráiṫ
agus d'iṫ sé a ḃricfeasta. Ċuaiḋ
sé go dtí [fuaiġ uaiġ] a ṁáṫar, d'ísliġ
sé anuas agus leig sé trí braona
fola os cionn a fuaiġe. Ġléas air
a ċulaiḋ gaisge airm agus coṁ ċaoi
Ċomraic a ġeaċt bóiṫ bán ḋearg
a ḋúdáin fada síoda síos go dtí
na sála, a ḃríste de ċraiceann
easconní mné go pluc a dá ḃróga.
Ṫarraing sé amaċ a ċlaiḋeaṁ
dathúil dealraṁaċ sáiṫte ṫáiṫte
béal-leaṫan a raiḃ faobar os cionn

faobhar air, faobhar ċun sáiṫe, faobhar
ċun gearrṫa, agus an treas faobhar
dá ċur isteaċ taob na láiṁe deise
dá ṫabairt amaċ taob na láiṁe
clí 'ċur i gceirt gurb é briaṫar
de na briaṫra crann seasta na
gcéadta, fear naċ gclaoiḋfiḋe agus
naċ gcaiṫfiḋe go ngabfaḋ an díle
ṫar an doṁan, dá annsin.

Ċuaiḋ sé ċun siubail. Ṡiubalaḋ
sé cnoc de ċois méis agus gleann
de ṡruṫlóg agus b'ḟearr dó féin
bonn faoi nó dá féin uaċtar. Bí
sé ag siubal mar sin nó go raibh
diúḃ agus deargaḋ an lae ag teannaḋ
leis, an gearrán bán ag dul ar
sgáṫ na corróige, an coróg dá
ċruinniú féin faoi cóir na hoiḋċe
agus an drúċt ag tuitim go mór
ar na fuinseoga. Breaṫnuiġ sé
abfad uaiḋ agus isteaċ dó 's súil
le go bfeicfeaḋ sé áit teinteaċ

is go bhféadfadh sé an oíche a leigint thairis. Connaic sé coill abfad uaidh. Shiubhail sé uirthi 's súil is go mbeadh áras éigint innte go gcaithfeadh sé an oíche innte. Tháinig sé suas leis an gcoill. D'ionnsuigh sé taobh na láimhe deise. Casadh bóithrín dó a chuaigh isteach tríd an gcoillte. Connaic sé caisleán doibhinn álainn gan bun cloiche isteach ná barr cloiche amach ach 'chuile chloiche ag déanamh fasgadh is dídin. go dtí an braon a thuitfeadh ar an aer shilfeadh sé anuas de sin mar shilfeadh sé de dhruim gé.

Tháinig gruagach mór láidir amach as an gcaisleán agus chuir sé céad míle fáilte roimh a mhac agus a dhalta. b'seo é Manannán. badh é a sheas le [Eoin] mac aige agus sin é an fáth ar thug sé mac agus dalta air.

"Ó," ar seisean, "creidim gurb í an glas gaibleann a ṫug an bealaċ seo ṫú, is dá mbeaḋ fios a'm-sa gur ṫusa a ḃeaḋ ar a ṫuairisg b'ḟurasta dom í a stopaḋ ḋul an bealaċ seo tráṫnóna inné. Ċuadar isteaċ ċun an ċaisleáin. Ċaiṫ siad an oiḋċe sin trian le fiannaiḋeaċt, trian le sgéalaiḋeaċt, trian le caiṫeaṁ toġa bíḋ agus ollaṁaneasa. Ċuadar amaċ ag spaisteoireaċt roiṁ bricfeasta lár na báraċ.

"A Ċéin," ar seisean, "tá doḟáil roṁat, aċ déanfaiḋ misé mo ḋíċeall duit. Ná léig ort féin go ḃfuil buaiḋreaḋ ar biṫ ort ná faitċíos. Labair go dána leis an mbarla [balor] Beimeannaċ agus abair leis an bó a ṫaḃairt duit. Abróċaiḋ sé naċ dtiubraiḋ. Tá dá níḋ le déanaiṁ agus abair ṫusa leis naċ ngaḃfaiḋ tú ar t'ais go ḃfáġaiḋ

tú an bó nó go gcaillis tú an ceann.
"Abróċaiḋ [surtan] leat: bainfeaḋ an garbleann gaba díot é!"
"Ní le dul ar ais a ṫáinig mé," [adeir tusa]
Tá dá níḋ le déanaṁ agat agus abróċaiḋ sé má ġníonn tú iad go dtiubraiḋ sé an bó duit.
Fiafróċaiḋ tú de cérbh iad féin.
Seaċt na sraiṫ mbliana a leagaḋ le ordlaiġ de Ċonnill, an ċéad níḋ Seo duit páipéar láiṁinneaċa duit agus cuir ort iad, agus ċoṁ luaṫ is leagas tú do láiṁ orṫa tá siad leagṫa fág neart fear freastal uaiḋ agus ansa tá gcaiteaṁ uait 7 beiḋ siad ina gcroċ indo mullaiġ sul dá mbeiḋ tú réiḋ
An dara níḋ bean 7 trí ficid a [illegible] le ordlaiġ de Ċonnil, Seo bata duit. Cuir faoi do láṁ í 7 ní mór duit cruinn béiḋ [illegible] buicall maiṫ

"Tá inġean ag an mbarla béamannaí
agus níl aon marḃaḋ ina ċionn nó go
marḃuiġiḋ mac a inġine féin é. Tá
tor Dánta aige a ḃfuil sgaiṫ sgóir
ar aghaidh ann 7 tá an inġean mar an
sgóir is airde aca. Níl aonduine le
freastal a ḋéanaim uirṫi aċ é féin
agus téiḋeann sé trí huaire sa
tseaċtain le biaḋ deoċ 7 leabhra
agus nidḋí eile aice. Seo fáinne duit
agus nuair a ḃreaṫnoċas tú tríd
féadfaiḋ tú do roġa rud a ḋéanaim
díot féin."

Cuaiḋ siad isteaċ. Fuair siad a
mbricfeasta. Ṡiuḃail siad síos an
tráiġ. Fuair Manannán cipín péine
ag teaċt i dtír ar barr an uisge.
Tarrainġ sé amaċ a sgian pinne
agus rinne sé bád beagar. Ċaiṫ sé
amaċ ar an uisge í 7 rinne sí
long mhór láidir. D'fága Mac Lir
slán 7 beannaċt ag Éire. D'imiġ sé

de léim 7 ċuaiḋ sé ar bord na luinge. D'árduiġ sé suas a cuid seolta móra síoda bocóideaca bacóideaca go barra na gcrann. Níor ḟága sé téad tíre gan tarraingt, maide gan briseaḋ, míolta beaga 7 míolta móra na farraige ṫoir 7 na farraige ṫiar ag teaċt ar bos 7 ar tos a maidí rámha, róinte, míolta móra, bric beaga na mbéal dearga ag déanamh ceol síde agus agaiḋ fáil dó gur ṫreab sé an ḟarraige ġlan fíor-ḋoiṁin nár treabaḋ ċeana ariaṁ agus naċ dtreabfar arís go bráċ. Gainiṁí íoċtair na farraige dá gcur ina nuaċtar 7 gainiṁí uaċtair na trága dá gcur ina níoċtar go raibh easconní a' dul i bpoll easclaí a ċéile le neart spraoi agus faitċís. Ṫug sé trian siubal 7 dá dtrian seoil dí nó gur sgríob sé cuan 7 calaḋ i dtír Loċlannaiġ. Sul dá raibh [ina] sé ard tráṫnóna Ṡiubal sé suas ċun an ċaisleáin.

Ċonnaic an Magla [balor] beannuiġ é ag teaċt. Ṡiubail sé anuas roimhe. Ċuir sé fáilte roimhe leis na briaṫra móra ~~fairsgeannaċa~~ fairsgeannaċa a ḃí aca san am sin (ní hiad atá againn anois) agus d'ḟreagair sé an beannaċt mar an céadna
"An ar tuairisg na Glaise Gaibleann atá tú?"
"Ní headh, aċ ina coinne," adubairt Mac Airt.
"Níl sí le fáġáil agat. Is fada mé féin ag fanaċt léiṫe".
"Caiṫfiḋ mé í ḟáġáil nó an ceann a ċailleaḋ léiṫe."
"Téirig ar ais agus bainfiḋ t'oncal slot é."
"Ní ḋéanfaiḋ mé cleas ċoin claḋaire sin."
"Tá ḋá níḋ le ḋéanaṁ agat agus má ḋéanann tú iad tiubraiḋ mé duit í."
"Sin seiḋi na seaċt mbliana o leaṫ le ordlaċ de ċoinneal agus bean agus trí fiċid a measg le ordlaċ de ċoinneal."
"Agus má ḋéanaim an tiubraiḋ

tú an ~~buaḋ~~ buaraiċ 7 an galún dom?

Ċeap sé naċ mbéaḋ sé ina ċunnsúine iad a ṫabairt 7 dubairt sé go dtiubraḋ.

“Is beag an obair atá agam le déanaṁ,” arsa Mac Airt “agus ní cóir dom a ḃeiṫ buiḋeaċ dom oncal a ċuir an trioblóid seo orm mar ġeall ar ṡeanbó.”

Ċuir sé air na láiṁinneaċa. Ċuaiḋ sé ag obair agus bíodar ina gcroc ina mullaċ ṡul má bí sé réiḋ.

Ṫugaḋ sin aige trí ficid bean le réar. Ċuir sé an bealṫ faoi na lár agus bí an obair déanta aige ṡul dar ṫáinic an t-oiḋċe do ċonnaic.

“fág dom an bó, an buaraiċ is an galún anois,” ar seisean.

“O, a ḃiṫeannaiġ, ní ḟágfaiḋ tú an t-oileán go fóill le faiċċéar go mbeaḋ faiċe do do ṁuirleaċ (clann) ann mar b'ḟéidir go mbeaḋ clann ag roinn de na mná seo 7 níl oileán [illegible] a mbeaḋ aonduine de do

agus stompa

ṡeaplaċ ann. Tabharfaiḋ mé aonbord agus [liom] féin go ceann ráiṫe."

Níl maiṫ ag iarraiḋ do ṡtompa tá do ḃord. Tá mé i ndon béile mo ḃéil a ṡaoṫrú."

Ṫága sé anuas uaiṫe 7 leig sé air féin go raiḃ fearg ṁór air leis. Ċuaiḋ sé i ngar don áit a raiḃ an tor. Ċuir sé é féin i bfolaċ i dtom nó go bfaca sé an ḟuinneog ḋá fosgailt san stompa a raiḃ ingean an ṁarpla ḃéamannaiġ, leis an ngaoi a leigint isteaċ.

Ḃreaṫnuiġ sé tríd an bfáinne. Rinne sé ḃan dé féin. Ċuaiḋ sé isteaċ de ṡgioṫán mar a ḃeaḋ ṡeabac ina ḋiaiḋ. Ḋúin an ḃean óg an ḟuinneog. Ḃí sé ag ḋul d'oirbreogaí ar fud an tseompa nó go ndeácaiḋ sé d'oirbreog isteaċ sa leabaiḋ. Ċaiṫ sise í féin isteaċ ina ḋiaiḋ go mbéarfaḋ sí air. Rinne sé fear dé féin 7 ċuir sé cluain uirri.

Ḋ'ḟan sé inṁinḟeaċt léiṫe agus nuair a d'aiṫneoċaḋ siad an t-aṫair ag teaċt ḋ'ḟanaḋ sé ṫan ċa féin agus bíoḋ sé ag feadġail agus ag portaiḋeaċt ḋí. Nuair a ḃí an t-aṫair ag teaċt ċuala sé an ceol breaġ a ḃí istiġ tor agus ṫáinig ionġantas air. Nuair a d'ḟosgail sé an doras ḋ'ḟiafruiġ sé cén faṫ é seo.

"O, aṫair", ar sise, "ṫáinig fean ḋear isteaċ anuiso agam inḋé. An bfeiceann tú é ina ṡeasaṁ ar ḃorta na leabṫa? Tá ceol breaġ aige. Tógann sé an brón mór atá ar mo ċroiḋe ḋe agus tá mé ag iarraiḋ d'aċuinne ort é a ḟágáil agam".

"Fágfaḋ, go deiṁin. Is breaġ liom do ċuimlódar duit é."

Ḃí go maiṫ. Ḃí siad mar sin nó go raiḃ na trí páiste fuas. Ḃí mac óg ag ingin Ḃalor agus d'ḃuaiġ Cian le Balor an bó, an ḃuaraċ,

agus an galún a ṫabairt dó.
"Fan go gcruinneoċaiḋ mé do ċuid clainne duit," arsa sean. Seo í an bó duit aċ níl fios a'm a bfuil an buaraiċ agus an galún le fágailt againn mar tá siad sa tor san áit a bfuil m'inġean agus ní móide go dtiubraiḋ sí dúinn iad."

"Cuma liom-sa. Céard a ḋéanfas tú féin nó t'inġean aċ caiṫfiḋ tú do margaḋ a ṡeasaṁ liom-sa," adeir Cian. "Déanfaiḋ mé margaḋ leat go sgarfamuid amaċ dá brat agus cé bí ceann brat a gcaiṫfidear an buaraiċ is an galún air bíoḋ siad ag an duine ar leis an brat."

"Ní miste liom" arsa sean.
Ċuaiḋ siad go dtí an tor. D'iarr sé ar an inġean sin buaraiċ is an galún a ċaiṫeaṁ anuas agus agus pé bí ceann brat a dtuitfeaḋ

siad air go mba leis [na mbrat] iad. Ċaiṫ sí anuas iad agus ċaiṫ sí ar bhrat Céin iad."

"Ó! a inġean," arsa Balor, "síl mé gur ar mo bhrat-sa a ċaiṫfeá iad, nó céard é sin atá déanta agat?"

Ó, a aṫair, ar sise, ceal naċ raiḃ fios agat go raiḃ uiscar cam i láir na mbon.

"Ó muise, mura bfuil, go raiḃ!" agus tá uiscar cam i láir na mbon ó ṡoin.

Ċruinniġ Cian leis na paistí. Ċuir sé isteaċ i mbrat iad agus ċuir sé ar a ḋruim iad. Só an sórt bopáin a bí aige sa mbrat dealg droiġin. Bí a mac féin [le inġin Balor] ina aipiún ar a íorac agus dul suas taoiḃ an tsoiṫiġ gur ~~agus na ċuid eile dá ċlainn a bí bailiġṫe ag Balor ar a ḋruim. bí~~

bris an biorán agus ċuaiḋ an ċlann [a bí ar a ḋruim] (bunoscionn ⁊ ḟiarsceann) sa ḃfairrge mar bíodar agus dar liad gurb astu sin a ṫáinig na róinte sa ḃfairrge.

Ṫáinig sé slán ar ais go hÉirinn é féin is a ṁac. Ṫug sé an ċlaḋ ċuairt ar Ṁanannán.

"D'éiriġ leat", arsa Manannán. Ṫáinig sé an mac agus dubairt sé le Cian go raiḃ adḃár an ḟir ann is fearr a ġas ar ṫalaiṁ na hÉireann anois.

"Fág an naoiḋeanán annso agam-sa", arsa Manannán leis, "agus tabair suas an bó don Ġaibhleann ġaba. Nuair a feicfear sé an buaraċ agus an ġalún agat báiḋ sé dá n-iarraiḋ ort, aċ ná tabair dó iad nó go ngeallaiḋ sé duit go dtiubraiḋ sé duit an coimleasainn dearg as lom-báḋ teannéair a Ċóirr (áit na teineaḋ)

duit féin, do do ṁac, nó do ṁac do ṁic ina ḋiaiḋ cé bí cé agaí a saorfar é, agus téana ar t'ais agam-sa tusa.'

Rinne an Gaibleon Gabha an gealltanas agus fuair sé an bhuarac agus an galún.

Ṫáinig Cian ar ais ag Manannán.

'Níl aon maiṫ in do ġnóṫa anois,' arsa Manannán. 'Caiṫfiḋ tú dul ar t'ais arís nó go bḟága an páiste sioṫí leat ón máṫair. Tá an Balor Béimannac ag cur coille anois. Níl aon puḋ ag teastáil uaiḋ níos mó ná gearrḋóir. Abair leis gur iongantac an fear coille tú. Seo sgian duit agus bain ruaimne dáin níos do ċuile ċrann a ċuirfear tú agus béiḋ siad sé troiġe ar airde ar maidin.'

Ġaḃ sé ċom fada leis an mBalor Béimannaic agus dubairt sé gur fear coille iongantac a bí ann aċ naċ bféadfaḋ sé aon ṁargaḋ a ḋéanaṁ leis go bfeiceaḋ sé a ċuid oibre.'

Ċuir sé crann nó dó agus ar maidin lá ar n-a báraċ bíoḋar sé troiġṫe ar aoirde.

"Rud ar biṫ agat ag teastáil uait," arsan Balor Béimeannaċ, "tá sé le fáġáil agat."

"Tá mé ag dul ar fud an tsaoġail ag iarraiḋ bainne cíċe maiġdine do mo ṁac."

"Ó," arsa Balor Béimeannaċ, "sin rud naċ bféadfaiḋ tú a ḟáġáil. Ní raiḃ bainne cíċe ag maiġdin ariaṁ."

"Ní miste liom, béiḋ mé ag siubal go bfáġaiḋ mé é."

Smaoinig an rí air féin agus dubairt sé go ngabfaḋ sé ċoṁ fada leis an ingin agus iud is go dtóigfeaḋ sí an páiste.

"Ó a aṫair," arsa sí, "tá do ġáiṫ déanta agat ormsa, mé ḃeiṫ annseo i n-uaigneas liom féin faoi ġlas."

Ḋinis sé dí an stair iongantaċ a rinne an garraḋóir.

Ní maiṫ liom sgaramaint leis aċ caiṫfiḋ mé a déanaṁ siul mo ċuid

mé féin ort-sa.'

"Cá ḃfáġainn-se bainne uiċe? Aċ ṫabair anuas é agus cuirfiḋ mé ar mo ċúl é, agus is é mo nádúir go dtiocfaiḋ bainne dom."

Agus ḃí bainne aice agus ní gan aḋḃar é.

Ṫugaḋ an páirc aice agus ċuaiḋ an garraḋóir ag cur na coille. Ḃí an fánna i gcóṁnuiḋe leis agus ṫagaḋ sé ar cuairt aca go minic. Ḃí an ċoill trí bliana ar bun. Nuair a ḃí na trí laċt bainne ag an ḃpáirc d'ḟága sé slán agus beannaċt aca agus ṫáinig sé ar ais go hÉirinn le n-a ṁac. Ṫáinig sé ag Manannán. Láiṁriġ Manannán é agus dúḃairt sé gurb é aḋḃar an ḟir is fearr a ṡeas ar ṫalaiṁ na hÉireann ariaṁ é.

"Aċ caiṫfiḋ tú ḋul ar ais arís," arsa Manannán, "agus an páirc sin a ḟaġáil tairte ó ḃáil a aṫar ṁóir."

"Ó, is truaġ gur rugaḋ ariaṁ mé," arsa Cian mac Airt.

"Níl sí aċ ina ṫír i n-arra Manannáin. Tá
ḟios agat cén bealaċ a dtéiḋeann Balor
Béimeannaċ ag siúbal gaċ maidin. Tabair leat
an páiste, croċ ar ġéagán crainn é agus
cé bí rud a ḋéarfas a aṫair mór leis, bain
ṫusa as an gcainnt sin é. Sgríob leat é
agus má éiríġeann leat bail[·bí] ar bord loinge
ṡul má ḟeiceann sé ṫú leis an súil nimhe atá
ar ċúl a ċinn. Tá ceangal agus cúig ceangal
uirṫe mar rud ar bí a ḟeicfeas sé leis tá sé
leaġaiṫe.⊙

"An t-ainm a bí ar an soiġeac Sguab na
Tuinne agus soiġeac dearg atá inntí agus
leaġfaiḋ sé mar leaġfaḋ an ceo."

Ṫug sé an páiste leis. Ċroċ sé ar dá
ġéagán crainn é, géagán ar gaċ aon
láiṁ leis, agus nuair a ḋ'ḟógail a
aṫair mór an donus ċonnaic sé an páiste
croċta ar an gcrann.

"Cén sórt lú ló láiṁneaċ é sin
ṫall?" É sin ṫall ar varsan.

Sgiob Cian an páiste agus dubairt sé :
"go mairiḋ tú t'ainm is do ġoirfimeaḋ a Luiġ Láimḟada Mac Céin"

"Ní féidir" arsa Balor "go bfuil mac ag m'inġin".

"Tá sé annseo agus bain a ṡásaiṁ dé", arsa Cian

Riṫ sé ar an ṡoiṫeaċ. Bí sé ar bord sul dá raiḃ an tsúil sgaoilte ag a ḋáiḋ mór.

Níor airiġ faic dóiḃ nó gur ṫáinig siad ar an slán sábailte go hÉirinn.

"Anois", arsa Manannán le Cian mac Cáinte Tá an Gaibleann Ġabla ag dul ag déanaṁ airm sa ṡlí go dtroidfaiḋ sé go hÉirinn fág an páiste annseo liom agus imiġ ar ṁaraiġ. Clanna Tuir, iarr a gcongnaṁ agus a gcuidiú. Is fearr leo a ḋul a ċongnaṁ do Balor Béimeannaċ mar cuirfeaḋ díbirt orṫa as Éirinn ċeana is cé bí cén taoḃ a mbeaḋ ~~[illegible]~~ an triúr aca a bás ar an buaḋ

Fágfamuid anois é ar ṫuairisg Clanna Lir.
Ċuaiḋ sé ar tuairisg Clanna Lir. Bí an
Balor Beimeannaċ ag déanaim airm suas
le teaċt go hÉirinn. Tóg sé seaċt mbliana
leis an airm a ḋéanaim suas. Bí na
hÉireannaiċ ar an gcuma céadna ag déanaim
airm suas. Nuair a ṫáinig Balor Beimeannaċ
go hÉirinn ċuir Manannán coill ag fás
le draoiḋeaċt nár féad sé a ḋul tríṫe
nó go ngabfaḋ sé ar ais leis an gcoill
a ġearraḋ. Bí sé ag déanaim díreaċ
ar an áit a raibh an Gaibhleann Gaba le
na ṁarbú sul dá ndéanfaḋ sé an
páipéar a bí leis féin a ṁarbú. Leis
an am seo bí na cruiḋte sgriste
ag na caiple agus ní raibh aon ċeárdċa
le fáġáil. Ṫáinig Manannán ag an
nGaibhleann Gaba agus ċuireadar ceárdċa
draoiḋeaċta ina seasamh. Bí áṫas orṫa
nuair a connaic siad an ċeárdċa
aċ go stopfaḋ sé an-aimsir é

Crúiḋe a ċur ar na caiple. Baḋ é Manannán
a bí ina ġceárdċa in áit an Ġaibleann Ġaba.
Dubairt sé leob nac mbeaḋ sé mórán áċair
ag cur na gcrúiḋte suas. Bí sean ġearrán
bán aige ceangailte i n-íoċtar na ceárdċan.
Rug sé ar an tuaġ is bain sé na
ceiṫre cosa dán ġearrán. Sáiḋ sé
isteaċ sa teine iad. Séid sé na builg
agus bí crú breaġ nua ar gaċ aon
ċos acu. Ċaiṫ sé suas i n-íoċtar na
ceárdċan iad agus gaċ aon ċos aca
ina háit féin.

"Déanaidís an clear céadna", arsa
Manannán le muinín balon "Tá tuaġ
annsin ċugat i n-aġaiḋ gaċ fear agaib.
Ġearrfaḋ sé cosa dá ċapall féin,
cuirfeaḋ sé faoi n-a ascaill iad nó
go dtiubraḋ sé annsoin agam-sa iad.
"An bfuil siad gearrtha de na caiple
uilig anois?" ar seisean.
"Tá," ar siad-san

"Gabhfad mé amach go bhfeicidh mé," ar Searcan. Tharraing sé amach fáinne, bhreathnuigh sé thríd. Ní raibh ceardcha ná builg ina fheiceál ach cnocán glas a bhí lán d'fhuil na gcapall. Chuir sé an t-arm capall dá ḋí

B'éigin do na Turcaigh a dhul ar ais arís go ndéanfadh siad suas arm eile capall. Thóg sé seacht mbliana iad sul dá raibh an dara arm capall déanta suas aca. Fead na haimsire seo bhí Conn mac Airt ar thaoisigh Chlanna Íre(?) agus nuair a fuair sé iad bhí deoir(?) le n-a marbhú chomh luath is thiocfadh siad suas leis. Bhí draoidheacht agus asarlaoideacht aca. Chomh luath agus d'fhág siad a gcoimhgnaint(?) agus a gceirdiú(?) b'éigin dó baint as. Leanadar é agus níl rud ar bith a dhéanfadh sé dó féin le breathnú thríd an bhfáinne a bhí aige [nach] dhéanfadh siadsan an cleas céadna ó'n Sarcoin(?) go dtí an alpáire(?). Bhíodh sé tamall

ina éan sa spéir, tamall ina péisteog sa
talaṁ, aċ ní ḟéadfaḋ sé é féin a aiṫniú
ḟad is a ḃéaḋ súil aca air. Bí sé ar an
gcuma sin go dtáinig sé ar ghleann mór
a bí líonta le muca duba. Rinne sé muc ḋuḃ
de féin agus ċuaiḋ sé imeasg na muc. An
fear a bí ag faire bí súil aige ar na muca
Nuair a bí an gleann cuardaiġṫe aca
dubradar naċ raiḃ sé san ngleann. Dubairt
an fear a bí ag faire go raiḃ is go mb'féidir
do a ḃeiṫ imeasg na muc. Ṫosuiġ siad
ag marḃú na muc nó go dtáinigeadar
suas le Cian ṁac Airt. D'iarr sé
d'aċuinnġ orṫa cead a ṫabairt dó fear
a ḋéanaṁ de féin agus gan é a ṁarḃú
ina ṁuc. Dubradar naċ dtiubraḋ agus
ṁarbuiġeadar [ina ṁuc] é agus ċuireadar
san ngleann é, agus deir siad gur minic
atá muc ḋuḃ le feiceál sa ngleann seo
agus sin é Cian ṁac Airt atá sa
muc sin.

Tosóċamuid anois ar Luġ Láimḟada Mic Céin.

Nuair a ṫáiniġ na Tuirċéirsaċa an tríonaċ nuair go h-Éirinn dubáirt Manannán le Luġ Láimḟada Mic Céin a ḋul ċoṁ fada leis an nGaibleann Gaḃa agus an rud a ġeall an Gaibleann Gaḃa dá aṫair a ḟaġáil uaiḋ, sé sin an cam-ċarann dearg.

Fuair sé an cam-ċarann dearg. Bí go leor marḃ ar gaċ aon taoḃ ran ... Ġaḃ sé ar ṫuairisg a aṫar móir nó go ḃfuair sé amaċ é i measg an airm. Ċaiṫ sé an cam-ċarann dearg leis. Ċuir sé trí n-a ċroiḋe é. Ċuir sé sin deire leis an mBalor ḃéimeannaċ agus leis an gcaṫ. Bí an caṫ ṫart nuair a marḃuiġeadh an rí

Ruġ Manannán agus Luġ Láimḟada Mic Céin ar ṫuairisg Cloinne Clanna Lyr

Ḋ'fiafruiġ siad díob céard a rinne siad le Cian Mac Cáinte. D'inis siad dóib.

"Dá dtiubhraḋ sib cead dó fear a ḋéanaṁ de féin ní cuirfeaḋ muide níos mó trioblóid oraib ach caiṫfiḋ sib imṫeacht anois agus a dul ar tuairisg craiceann na muice buiḋe agus Cian a ṫógáil agus craiceann na muice buiḋe a ċur air i lionnus go n-éireóċaḋ sé ~~arís~~ ina ṡláinte arís", arsa Manannán leó.

D'imṫiġ siad agus níor ḟill siad go fóill agus tá Cian ag fanacht leó ina muice duib sa ngleann.

Beannacht Dé le Seán, fear innsiocht an sgéil nuair a ġeobfiḋ sé bás. Amén

[1929]   Críoċ

Pilip Mac Tuaṫaláin, baile Doire Grimléic, a d'inis an sgéal seo do Ṡeán Mac Confhada leiṫ-céad bliain ó ṡoin.